Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6043/1/23**
**REV 1**

**MI 80**
**COMPET 77**
**IND 36**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Iomaíochas agus táirgiúlacht san fhadtéarma – An margadh inmheánach le 30 bliain anuas agus ina dhiaidh sin<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta ón Uachtaránacht don díospóireacht bheartais maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht san fhadtéarma — An margadh inmheánach le 30 bliain anuas agus ina dhiaidh sin

**Nóta ón Uachtaránacht: Iomaíochas agus táirgiúlacht san fhadtéarma — An margadh inmheánach le 30 bliain anuas agus ina dhiaidh sin (Díospóireacht bheartais, an Chomhairle Iomaíochais, an 2 Márta 2023)**

Tá neart, athléimneacht agus seasamh domhanda na hEorpa ag brath ar ár n-aschur eacnamaíoch agus ar iomaíochas ár ngeilleagair. I ndáil leis an méid sin, is chun leas gnólachtaí agus tionscal an Aontais a bheith ag oibriú i margadh oscailte ar fud an Aontais, margadh is saintréith dó iomaíocht éifeachtach, praghsanna fuinnimh iomaíocha, timpeallacht rialála chobhsaí, nuálaíocht agus rochtain ar chaipiteal agus a bheith nasctha le margaí domhanda. Leis an Margadh Aonair, cuirtear margadh baile ar fáil ar mhórscála do ghnólachtaí an Aontais chun fás agus dul san iomaíocht ar fud an domhain agus tá sé sin á dhéanamh le 30 bliain anuas.

Le blianta beaga anuas, áfach, tá dúshláin shuntasacha roimh gheilleagar na hEorpa. Mar gheall ar COVID-19, ar an mboilsciú, ar phraghsanna arda fuinnimh agus ar ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin, tá athrú ollmhór tagtha ar réaltacht ghnólachtaí an Aontais. Tá laghdú tagtha ar phrionsabail mhargadhbhunaithe ar an leibhéal domhanda toisc méadú a bheith tagtha ar iomaíocht gheoeacnamaíoch. Sna conclúidí uaithi an 15 Nollaig 2022 agus an 9 – 10 Feabhra 2023, chuir an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá le gníomhaíocht ón Aontas. An 1 Feabhra 2023, thíolaic an Coimisiún Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Glan-Nialasach, a fhéachann le timpeallacht thacúil a chur ar fáil chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú le haghaidh na dteicneolaíochtaí agus na dtáirgí glan-nialasacha a theastaíonn chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach.

Chomh maith le bealach a leagan amach i dtreo na glan-nialasachta agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais ghearrthéarmacha atá ag gnólachtaí, ní mór don Eoraip aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha fhadtéarmacha. I mí na Nollag 2022, chuir an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt go sonrach ar an mbearna fáis agus nuálaíochta idir an Eoraip agus a hiomaitheoirí domhanda agus d’iarr sí ar an gCoimisiún straitéis a thíolacadh chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin táirgiúlacht. Athdhearbhaíodh an chonclúid an 9 Feabhra agus tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an ábhar sin arís an 23-24 Márta 2023.

I mí an Mhárta 2023, tíolacfaidh an Coimisiún an Teachtaireacht ‘An Margadh Aonair le 30 bliain anuas’ agus leagfaidh sé béim ar chomóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair. In éineacht leis an Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair 2023 agus le Scórchlár an Mhargaidh Aonair, tabharfar léargas sa Teachtaireacht ar thábhacht an Mhargaidh Aonair agus ar an mbealach chun cinn chun é a neartú.

Meastar go gcuirfidh na tionscnaimh sin bonn daingean ar fáil chun an tAontas a chur ar a bhealach i dtreo iomaíochas feabhsaithe agus geilleagar níos athléimní.

**Samhail Eorpach don iomaíochas san fhadtéarma**

Chun an táirgiúlacht agus an fás a chur ar an mbóthar ceart, ní mór dúinn samhail fhadtéarmach Eorpach don iomaíochas a shainaithint — plean daingean chun iomaíochas an Aontais a neartú.

Is túsphointe nádúrtha é ceiliúradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair chun plé a dhéanamh ar mhódúlachtaí an phlean sin. Tá sé ag teastáil uainn go mbeidh an Margadh Aonair ina ugach láidir i gcónaí do phoist, don fhiontraíocht, don aistriú glas, agus don fhás inbhuanaithe sna tríocha bliain amach romhainn. Léirítear san anailís go bhféadfadh Margadh Aonair lánfheidhmiúil tairbhe eacnamaíoch fhoriomlán a ghiniúint a bheadh thart ar 12 faoin gcéad de OTI breise san Aontas gach bliain. Ní féidir linn an deis seo a chur amú.

Mar sin féin, tá níos mó i gceist le straitéis chuimsitheach Eorpach maidir le táirgiúlacht agus iomaíochas. Ní foláir a chuimsiú leis na réimsí beartais ábhartha uile lena gcinntear táirgiúlacht agus iomaíochas cuideachtaí ar an margadh domhanda. Ar ndóigh, cuireann sé le bunluachanna agus le sainiúlachtaí ár samhla eacnamaíche — geilleagar margaidh, oscailteacht, nuálaíocht, inbhuanaitheacht, sláinte agus cosaint an chomhshaoil agus timpeallacht atá fabhrach do lucht gnó. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil an t-éileamh domhanda ar tháirgí agus ar sheirbhísí saor ó iontaise ag dul i méid, beidh an t-aistriú aeráide agus rochtain ar fhuinneamh inacmhainne saor ó iontaise mar bhonn don iomaíochas san fhadtéarma. Tá an tAontas chun tosaigh cheana féin san aistriú aeráide agus ní mór dul chun cinn a dhéanamh ina leith ionas go mbeidh sé ina cheannaire margaidh i dteicneolaíochtaí glasa. I ndeireadh na dála, is cinntitheach a bheidh fachtóirí mar sin maidir leis an áit ina lonnóidh cuideachtaí a n-oibríochtaí agus maidir leis an áit ina a dtarlóidh an fás eacnamaíoch amach anseo.

Seo thíos roinnt colúin atá molta do shamhail Eorpach don iomaíochas fadtéarmach:

– *Prionsabail ár ngeilleagair margaidh a chaomhnú, lena n-áirítear an Margadh Aonair a dhoimhniú*

Leanúint de na dálaí is fearr is féidir a chur ar fáil do gheilleagar fónta oscailte bunaithe ar iomaíocht éifeachtach, infheistíocht phríobháideach, saoirse gluaiseachta agus beartas tionsclaíoch láidir lena gcumasaítear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Ní mór forfheidhmiú *acquis* an Mhargaidh Aonair a neartú agus bloghadh a sheachaint.

– *Oscailteacht straitéiseach chun tacú leis an tsaorthrádáil dhomhanda*

Is bunchlocha iad na hiarrachtaí chun deiseanna trádála agus comhpháirtíochtaí a mhéadú chun táirgiúlacht a mhéadú agus chun ár ngeilleagar a dhéanamh níos athléimní. Is den ríthábhacht an beartas trádála chun margaí straitéiseacha nua a oscailt agus rochtain ar ionchuir chriticiúla a dhaingniú feadh na slabhraí luacha ina n-iomláine.

– *Rialáil níos fearr agus tiomantas chun méadú ar an táirgiúlacht a bhaint amach.*

Creat rialála comhleanúnach bunaithe ar mheasúnuithe tionchair ardcháilíochta, ar chomhairliúcháin agus ar mheastóireachtaí. Ní mór aghaidh a thabhairt ar ualaí rialála nach bhfuil gá leo. Cuid den chathair ghríobháin sin is ea gealltanas an Uachtaráin von der Leyen go gcaithfear seiceáil iomaíochais a dhéanamh ar na tograí reachtacha uile agus aghaidh a thabhairt ar thionchar díréireach atá á imirt, b'fhéidir, ar FBManna.

– *Nuálaíocht*

Is gné ríthábhachtach í an nuálaíocht chun an t-iomaíochas a neartú, go háirithe sna teicneolaíochtaí agus sna táirgí is gá chun spriocanna uaillmhianacha aeráide na hEorpa a bhaint amach. I measc roinnt fórsaí tábhachtacha chun nuálaíocht an Aontais a ghríosú tá caiteachas ar thaighde agus forbairt, bonneagar chun torthaí taighde a roinnt agus cearta maoine intleachtúla a chosaint.

– *Soláthar fuinnimh iomaíoch slán*

Tá rochtain ar tháirgeadh iomaíoch fuinnimh agus leictreachais saor ó iontaise ríthábhachtach chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chumasú le hiomaíochas marthanach. Ní mór dóibh a bheith cúramach faoi rialáil nach bhfuil gá léi chun íoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hinfheistíochtaí caipitil a laghdú i gcóras láidir fuinnimh.

Iarrtar ar na hairí tuairimí a mhalartú maidir leis na hábhair seo a leanas a bheidh le plé ag Comhairle COMPET an 2 Márta 2023:

1. I bhfianaise na straitéise iomaíochais san fhadtéarma a bhfuiltear ag súil léi agus na Teachtaireachta maidir leis an Margadh Aonair le 30 bliain anuas, cad iad na príomheilimintí agus na príomhghníomhaíochtaí le haghaidh an Aontais, dar leat, chun feabhas a chur ar a iomaíochas agus ar a tháirgiúlacht sna blianta amach romhainn?

2. Cé na gnéithe agus na gníomhaíochtaí atá ríthábhachtach chun gnólachtaí a dhreasú chun nuáil agus infheistíocht a dhéanamh san Aontas?